

## Sainchuntas Poist – Cigire QA

**Ag Tuairisciú do:** Ceannasaí Foirne QA

**Grúpa:** Córas Cáilíochta – Rialúchán Doiciméadaithe

Don phost seo, teastóidh duine ard-spreagtha le taithí agus cúlra i nDearbhú Cáilíochta Tá sé riachtanach go mbeadh taithí ag an duine roimh ré i dtimpeallacht GMP. Caithfidh iarrthóirí taithí 2 bhliain ar a laghad a bheith acu sa Tionscal Feistí Leighis.

### **Freagrachtaí Dearbhaithe Cáilíochta**

- Fógraí faoi Athruithe Innealtóireachta a phróiseáil chun doiciméid reatha a athbhreithniú
- Fógraí faoi Athruithe Innealtóireachta a phróiseáil chun doiciméid nua a chruthú
- Bainistiú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar mháistirchomhaid doiciméadaithe
- Tacú leis an mbainistiú ar an bpróiseas cartlannaithe ar dhoiciméid
- An Loga ECN a bhainistiú
- Innéacs an Mháistirloga a bhainistiú
- An Loga Imscrúdaithe Déantúsaíochta a bhainistiú
- Athbhreithnithe ar thaifid Staire Feistí a chríochnú mar chuid den phróiseas Imscrúdaithe Déantúsaíochta
- Tuairiscí a chruthú faoi imscrúdú déantúsaíochta do chustaiméirí
- Iarratais dhoiciméadaithe ó chustaiméirí a phróiseáil
- Tacú le & páirt a ghlacadh in iniúchtaí seachtracha
- Monatóireacht ar an timpeallacht cháithníneach a Reáchtáil agus a Thuairisciú
- Doiciméadú agus taifid a choinneáil i riocht comhlíontachta
- Bailchríoch a chur ar phróiseáil samplála LAL agus Bioburden
- Inniúlacht a fháil ar theicnící / próisis a bhaineann leis an ról agus acmhainní eile a thraenáil

### **Eile**

- Dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh, de réir mar a shannfaidh an Ceannasaí Foirne iad.

### **Iosriachtanais:**

- Tá sé riachtanach go mbeadh taithí roimh ré ag iarrthóir i dtionscal atá faoi rialú GMP - Tionscal Feistí Leighis nó Cógaisíochta.
- Teastóidh taithí oibre roimh ré i dtimpeallacht Dhearbhaithe Cáilíochta, mar aon le heolas bunúsach ar na riachtanais rialála don tionscal Feistí Leighis.

**Oideachas:** cé nach bhfuil sé riachtanach, bheadh Teastas Íosleibhéil in Eolaíocht, Innealtóireacht nó Dearbhú Cáilíochta inmhianaithe (ag brath ar thaithí oibre.

**Eolas Breise:** Caithfidh an t-iarrthóir a bheith an-eolach ar Excel agus Microsoft Word